**An Roinn Talmhaíochta,**
**Bia agus Mara**
Department of Agriculture,
Food and the Marine

Deireadh Fómhair 2023

«FORENAME» «SURNAME»
«ADDR1»
«ADDR2»
«ADDR3»
«ADDR4»

**Móráireamh Náisiúnta na Muc 2023 - Dé Domhnaigh, 22 Deireadh Fómhair 2023**

A Thréadchoimeádaí, a chara,

Tá sé de dhualgas faoin dlí ar aon duine a choinníonn muca móráireamh muc a dhéanamh ar a ngabháltas, uair sa bhliain ar a laghad, ag am arna chinneadh ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

**Déanfar Móráireamh Náisiúnta na Muc 2023 Dé Domhnaigh, 22 Deireadh Fómhair 2023 agus ní mór na foirmeacha comhlánaithe a chur faoi bhráid na Roinne faoi Dé Máirt, 31 Deireadh Fómhair 2023.**

Is cion é gan foirm mhóráirimh chomhlánaithe a chur isteach agus seans go ndéanfaidh an Roinn cigireacht iomlán ar do ghabháltas agus tú a ionchúiseamh mar thoradh ar an mainneachtain sin. Is mór againn do chomhoibriú sa chás seo. Má tá níos mó ná láthair amháin á oibriú agat, caithfear dearbhú ar leith a dhéanamh le haghaidh gach láthair díobh sin. Mura bhfuil muca agat ar dháta an mhóráirimh, caithfidh tú Cuid 1 d'fhoirm an mhóráirimh a chomhlánú agus a sheoladh isteach.

**Ar mhaithe le cur isteach sonraí Mhóráireamh 2021 a dhéanamh níos éasca, tá saoráid ar líne bunaithe ag an Roinn a ligeann do choimeádaithe faisnéis an mhóráirimh a chur isteach díreach chuig an gcóras Aitheanta agus Gluaiseachta Ainmhithe (AIM). Tá treoir céim ar chéim faoi iamh maidir le do mhóráireamh a chur isteach ar líne le fail anseo: https://www.gov.ie/en/collection/0c3ec-national-pig-census/. Moltar go láidir duit leas a bhaint as an gcóras ar líne agus d'fhaisnéis 2023 á chur isteach agat. Tá an córas éasca le húsáid agus soláthraíonn sé deimhniú fíor-ama nuair a chuirtear tuairisceán isteach go rathúil.**

I gcás nach féidir an móráireamh a chur isteach ar líne, glacfar le tuairisceáin pháipéir agus le tuairisceáin ar an ríomhphost le haghaidh 2023. Ba cheart tuairisceáin ar an ríomhphost (agus an tréad-uimhir luaite air mar ábhar) a sheoladh chuig **PigID@agriculture.gov.ie.** Ba cheart tuairisceáin pháipéir a sheoladh chuig Rannán Aitheanta na Muc, an Rannóg AIM ag an seoladh thíosluaite.

**Tabhair faoi deara, le do thoil**, i gcleachtadh ar leith, go mbeidh an Roinn ag scríobh go luath chuig tréada muc tráchtála chun liosta cothrom le dáta a bhunú de na huimhreacha tréada a bhaineann le gach slabhra soláthair muc atá ag feidhmiú laistigh den Stát. Tá an cleachtadh seo ríthábhachtach chun a chinntiú go gcoimeádann an Roinn sonraí cruinne maidir leis na háiteanna ina gcoimeádtar muca chun críche rialú galar, díothaithe agus pleanáil theagmhasach. Is mór againn do chomhoibriú leis an gcleachtadh seo agus leis an Móráireamh Bliantúil Muc.

Is mise le meas,

**Audrey Brown**
*Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Rannóg AIM*

***Cosaint Sonraí***: Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tiomanta go hiomlán do na sonraí pearsanta go léir a chuireann a custaiméirí isteach a choinneáil slán sábháilte. Is féidir féachaint ar fhaisnéis na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na Rannóige Aitheanta agus Gluaiseachta Ainmhithe ar https://www.agriculture.gov.ie/dataprotection/ agus ar www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/animalidentificationmovement. Féadtar aon fhaisnéis a bhailítear a chomhroinnt laistigh den Roinn chun críocha anailíse riosca agus Tras-Chomhlíonta maidir le Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS) arna rialú ag Rialachán 1306/2013 an AE. Féadfaidh and DAFM faisnéis a roinnt freisin chun tacú le híocaíochtaí scéime eile sa Roinn. Féadfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faisnéis a chomhroinnt mar thacaíocht le taighde agus forbairt agus chun déimeagrafaic daonra a shamhaltú, nó faisnéis a chomhroinnt le comhlachtaí eile, áit a bhfuil bonn reachtach leis (e.g. an Phríomh-Oifig Staidrimh).

**Foirgneamh Riaracháin Bhacastúin, Lána Steach Cuimne, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 X3PH**
**Backweston Administration Building, Stacumny Lane, Celbridge, Co Kildare, W23 X3PH**
Email: pigid@agriculture.gov.ie
www.agriculture.gov.ie

**MÓRÁIREAMH NA MUC 2023** **TRÉAD-UIMHIR NA MUC: «Herd_No»**

**CUID 1: MUCA Á GCOIMEÁD AR AN NGABHÁLTAS**

**Caithfear an Chuid seo a chomhlánú, fiú amháin mura bhfuil muca á gcoimeád agat faoi láthair.**

| | |
|---|---|
| An bhfuil muca á gcoimeád ar an ngabháltas faoi láthair? | **TÁ / NÍL** |
| **Más TÁ an freagra** – liostaigh na pórtha muc go léir (crosphórtha san áireamh) atá le fáil ar an ngabháltas **agus ansin** freagair na ceisteanna i gCuid 2, Cuid 3 agus Cuid 4 thíos. | |
| **Más NÍL an freagra** – ná freagair ACH AMHÁIN an dá cheist seo a leanas agus cuir síniú agus dáta leis an bhfoirm ansin. | |
| 1) An raibh muca agat am ar bith le 12 mhí anuas? | **BHÍ / NÍ RAIBH** |
| 2) Ar mhaith leat do thréad a choinneáil gníomhach? | **BA MHAITH / NÍOR MHAITH** |

**CUID 2: MÉID TRÉAD**

**Pórtha Muc - Déan liosta de na pórtha muice go léir a choinnítear ar do ghabháltas do gach cineál muc – agus ansin cuir isteach an uimhir IOMLÁN don chineál sin sa bhosca ar thaobh na láimhe deise (m.sh. líon iomlán na muc pórúcháin, muca ramhrú, peataí etc.)**

| **CINEÁL NA MUC** | **PÓRTHA – Déan taifead le do thoil ar na pórtha de gach cineál muc a choimeádtar ón liosta thíos. Mura bhfuil pór ar leith liostaithe – taifead 'Eile' le do thoil.**<br>Landrace/Hibrideach Bán Mór, Rás na Talún, Bán Mór, Oxford Sandy & Black, Tamworth, Duroc, Gloucester Old Spot, KuneKune, Berkshire, Hampshire, Dubh Mór, Mangalica, Meishan, Meán Bán, Pata Negra, Pietrain, Saddleback, Tibéidis, Vítneaimis pot-bellied, Breatnais, Bán-Eabhrac, Wild Boar (feirmithe), Yorkshire, Eile – (crosa san áireamh) | **IOMLÁN Líon muc den chineál seo** |
|---|---|---|
| Muca Pórúcháin (Cuir na cránacha, céiseanna agus collaigh go léir san áireamh) | Coinnítear pórtha muc pórúcháin: | |
| Muca atá á Ramhrú (gach céim, Bainbh san áireamh) | Coinnítear pórtha muca ramhrú: | |
| Muca Neamhtháirgthe (e.g. Peataí) | Pórtha muc neamhtháirgthe coinnithe: | |

**CUID 3: CINEÁL AN TRÉADA (Cuir tic leis an mbosca iomchuí):**

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | Pórúchán den Scoth (Graí Inseamhnaithe Shaorga, aonad pórúcháin cránacha den scoth) | |
| **(ii)** | Pórúchán Tráchtála (cránacha pórúcháin gan aon ramhraitheoirí ar an láthair) | |
| **(iii)** | Muca á ramhrú (níl ach ramhraitheoirí ar an láthair) | |
| **(iv)** | Imeasctha (muca pórúcháin agus muca á ramhrú ar an láthair) | |
| **(v)** | Feirmeoireacht Neamhdhian (lena n-áirítear feirmeoireacht chúlchlóis/feirmeoireacht mar chaitheamh aimsire) | |

**CUID 4: SAOTHRAÍOCHT**

| | |
|---|---|
| An bhfuil do mhuca go léir i gcró ar bhonn buan? | **TÁ / NÍL** |

**Más NÍL an freagra - cuir tic le bosca amháin, i.e. an bosca iomchuí a bhaineann le rochtain amuigh**
Maidir leis an rochtain atá ag cuid de do mhuca/ag do mhuca go léir ar an saol taobh amuigh:

(a) An rochtain bhuan atá i gceist? ☐

Tá cóiríocht faoi dhíon ag muca a bhfuil rochtain bhuan acu ar an saol taobh amuigh, agus tá rochtain acu ar limistéar fálaithe allamuigh an t-am ar fad le linn a saol **NÓ**

(b) An rochtain shealadach atá i gceist? ☐

Tá cóiríocht faoi dhíon ag muca a bhfuil rochtain shealadach acu ar an saol taobh amuigh, agus tá rochtain acu ar limistéar fálaithe allamuigh ag amanna sonracha, e.g. cuirtear isteach san oíche iad, cuirtear isteach iad sa gheimhreadh iad, etc. nó le linn céimeanna sonracha dá saol, e.g. coisceoirí, ramhraitheoirí, etc.

Síniú an Choimeádaí:_______________________________________________ Dáta:_______________________________